AN COIMISIÚN
EORPACH

An Bhruiséil, 18.6.2020
COM(2020) 240 final

2020/0118 (CNS)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear don Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí alcóil áirithe a tháirgtear i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór

{SWD(2020) 108 final}

MEABHRÁN MÍNIÚCHÁIN

1. COMHTHÉACS AN TOGRA

Forais agus cuspóirí an togra

Baineann an togra le Cinneadh ón gComhairle chun Cinneadh Uimh. 376/2014/AE ón gComhairle an 12 Meitheamh 2014[1], a glacadh de bhun Airteagal 349 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh (CFAE) agus atá i bhfeidhm faoi láthair, a ionadú. Leis an airteagal sin is féidir bearta sonracha a ghlacadh maidir leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas Eorpach mar aithnítear ann go sriantar go mór a bhforbairt agus go ndéantar difear dá staid eacnamaíoch agus shóisialta de thoradh srianta buana comhcheangailte. Ceadaítear leis bearta den sórt sin ar choinníoll nach mbaineann siad de shláine ná de chomhsheasmhacht córas dlí an Aontais, lena n-áirítear an margadh inmheánach agus na comhbheartais. Údaraítear an Phortaingéil leis an gcinneadh atá i bhfeidhm faoi láthair rátaí dleachta máil ar a bhfuil laghdú suas le 75 % de rátaí caighdeánacha na Portaingéile a chur i bhfeidhm maidir le rum agus licéir a tháirgtear agus a óltar i Maidéara agus maidir le licéir agus *eaux-de-vie* a tháirgtear agus a óltar sna hAsóir. Rachaidh an cinneadh atá i bhfeidhm faoi láthair in éag an 31 Nollaig 2020.

Is é is cuspóir don bheart seo táirgeoirí sna réigiúin is forimeallaí den Phortaingéil a chúiteamh as an míbhuntáiste iomaíochta de bharr iargúltacht, oileánachas, bheagmhéid, thopagrafaíocht agus aeráid achrannach na réigiún is forimeallaí den Phortaingéil, agus de bharr a spleáchais eacnamaíoch ar roinnt bheag táirgí, rud a dhéanann mórdhochar dá bhforbairt. De thoradh na saintréithe sin, is airde na costais táirgthe ar thairgeoirí sna réigiúin is forimeallaí ná ar thairgeoirí ar an mórthír.

I bhfianaise dháta éaga an Chinnidh, sheol an Coimisiún Eorpach staidéar seachtrach chun measúnú a dhéanamh ar an gcóras atá i bhfeidhm faoi láthair agus ar na tionchair a d'fhéadfadh a bheith ag roghanna féideartha maidir leis an tréimhse tar éis 2020, lena n- áirítear an rogha ar a bhfuil an togra atá i bhfeidhm faoi láthair bunaithe.

Is é atá i gceist leis an togra seo an maolú a athnuachan go dtí 2027, é a leathnú chun díolacháin sna hAsóir de rum a tháirgtear go háitiúil a chumhdach agus an ráta laghdaithe a choinneáil ag 75 %, agus é a leathnú freisin chun go mbeidh laghdú 50 % ar an ráta dleachta máil ar dhíolacháin ar mhórthír na Portaingéile de gach táirge atá cumhdaithe.

Comhsheasmhacht le forálacha beartais atá sa réimse beartais cheana

Sonraítear sa Teachtaireacht maidir le Comhpháirtíocht straitéiseach leis na Réigiúin is Forimeallaí san Aontas Eorpach[2] in 2017 go bhfuil dúshláin mhóra roimh na réigiúin is forimeallaí i gcónaí, agus gur dúshláin bhuana cuid mhór díobh sin. Sa Teachtaireacht sin, cuirtear i láthair cur chuige an Choimisiúin maidir le tacú leis na réigiúin sin i leith a

[1] Cinneadh Uimh. 376/2014/AE ón gComhairle an 12 Meitheamh 2014 lena n- údaraítear an Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara maidir le rum agus licéir a tháirgtear agus a óltar sa réigiún agus i réigiún féinrialaitheach na nAsór maidir le licéir agus *eaux-de-vie* a tháirgtear agus a óltar sa réigiún

[2] COM(2017) 623 final

sócmhainní uathúla a fhorbairt agus earnálacha nua fáis a bheith á sainaithint ag na réigiúin is forimeallaí chun gur féidir fás agus fostaíocht a chruthú.

Sa chomhthéacs sin, is é is aidhm don togra seo tacú leis na réigiúin is forimeallaí den Phortaingéil i leith a sócmhainní a fhorbairt chun gur féidir fás agus fostaíocht áitiúil a chruthú in earnáil shonrach – earnáil an alcóil. Leis an togra, déantar forlíonadh ar an gClár de Roghanna a bhaineann go sonrach le hIargúltacht agus le hOileánacht (POSEI)[3] atá dírithe ar thacú leis an earnáil phríomhúil agus le táirgeadh amhábhar.

Comhsheasmhacht le beartais eile de chuid an Aontais

Tá an togra i gcomhréir leis an Straitéis maidir le Margadh Aonair, 2015[4], ina mbeartaíonn an Coimisiún Margadh Aonair níos doimhne agus níos cothroime a sheachadadh a rachaidh chun tairbhe do na páirtithe leasmhara go léir. Ar na cuspóirí leis an mbeart atá beartaithe tá na costais bhreise a bhíonn ar chuideachtaí sna réigiúin is forimeallaí, lena gcuirtear bac ar a rannpháirtíocht iomlán sa Mhargadh Aonair, a mhaolú. I ngeall ar mhéideanna teoranta an táirgthe i gceist, ní mheastar go mbeidh aon tionchar diúltach ann ar fheidhmiú rianúil an Mhargaidh Aonair.

2. BUNÚS DLÍ, COIMHDEACHT AGUS COMHRÉIREACHT

Bunús dlí

Is é Airteagal 349 CFAE an bunús dlí. Cuirtear ar chumas na Comhairle leis an bhforáil sin forálacha sonracha a ghlacadh le cur i bhfeidhm na gConarthaí maidir leis na réigiúin is forimeallaí san Aontas a oiriúnú.

Prionsabal na coimhdeachta

Is í an Chomhairle amháin atá údaraithe, ar bhonn Airteagal 349 CFAE, bearta sonracha a ghlacadh chun cur i bhfeidhm na gConarthaí a oiriúnú do na réigiúin is forimeallaí san Aontas, lena n- áirítear na comhbheartais, de bharr na srianta buana a dhéanann difear do staid eacnamaíoch agus shóisialta na réigiún sin. Is fíor é sin freisin maidir le maoluithe ar Airteagal 110 CFAE. Dá bhrí sin, comhlíonann an togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle prionsabal na coimhdeachta.

Prionsabal na comhréireachta

Comhlíonann an togra seo prionsabail na comhréireachta mar a leagtar amach in Airteagal 5(4) den Chonradh ar an Aontas Eorpach. Ní théann na leasuithe atá beartaithe thar a bhfuil riachtanach chun dul i ngleic leis na saincheisteanna i gceist agus, ar an gcaoi sin, chun cuspóirí an Chonartha a bhaint amach maidir lena áirithiú go mbeidh an margadh inmheánach ag feidhmiú go héifeachtach cuí.

Go háirithe, leis an leathnú atá beartaithe ar na rátaí laghdaithe chun mórthír na Portaingéile a chumhdach, chuirfí feabhas ar iomaíochas táirgeoirí sna réigiúin is forimeallaí den

[3] Rialachán (AE) Uimh. 228/2013 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 13 Márta 2013

[4] Teachtaireacht ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa, chuig an gComhairle, chuig Coiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa agus chuig Coiste na Réigiún maidir leis an Margadh Aonair a uasghrádú: tuilleadh deiseanna do dhaoine agus do ghnólachtaí (COM (2015) 550 final), lch. 4.

Phortaingéil gan ach éifeachtaí díobhálacha teoranta ann i leith ioncaim tharscaoilte agus ualaí riaracháin, agus chuirfí na tairgeoirí sin ar comhchéim le táirgeoirí táirgí comhchosúla ar mhórthír na Portaingéile.

An rogha ionstraime

Tá sé beartaithe Cinneadh ón gComhairle a chur in ionad Chinneadh Uimh. 376/2014/AE ón gComhairle.

3. TORTHAÍ Ó MHEASTÓIREACHTAÍ EX POST, Ó CHOMHAIRLIÚCHÁIN LEIS NA PÁIRTITHE LEASMHARA AGUS Ó MHEASÚNUITHE TIONCHAIR

Meastóireacht *ex post* ar an reachtaíocht atá ann

Fuarthas amach sa staidéar seachtrach go mbíonn costais táirgthe níos mó i gcónaí ar tháirgeoirí sna réigiúin is forimeallaí ná mar a bhíonn ar tháirgeoirí ar an mórthír, agus cúitítear na costais sin leis an laghdú ar mhál atá i bhfeidhm faoi láthair. Ina theannta sin, sainaithníodh an dá shaincheist seo a leanas a tháinig chun cinn ó glacadh an cinneadh atá i bhfeidhm faoi láthair.

Ar an gcéad dul síos, sonraítear sa staidéar seachtrach go mbíonn rum á tháirgeadh sna hAsóir ach ní chuimsítear é sa chóras atá i bhfeidhm faoi láthair. Mar sin féin, cumhdaítear leis an gcóras rum a tháirgtear i Maidéara, rud a fhágann go bhfuil éagothrom iomaíochta idir táirgeoirí rum sa dá réigiún is forimeallaí. Ansin, anuas ar an táirgeadh breise rum sna hAsóir, sonraítear sa staidéar go bhfuil méadú ag teacht ar an táirgeadh rum i Maidéara agus nach féidir an rum go léir a dhíol go háitiúil de bharr an mhargaidh theoranta sna réigiúin is forimeallaí. Bacainn eile ar na táirgeoirí sin is ea na costais bhreise a bhaineann le rochtain ar mhargadh mhórthír na Portaingéile, agus bíonn rum á stóráil ar chostas dá thoradh sin.

Comhairliúcháin leis na páirtithe leasmhara

Mar chuid den staidéar seachtrach lena dtacaítear leis an anailís ar an gcóras atá i bhfeidhm faoi láthair, fuarthas freagraí i gceistneoirí, in agallaimh agus i bplé ó sheirbhísí ábhartha an Choimisiúin Eorpaigh, ó údaráis na Portaingéile, ó tháirgeoirí an dá réigiún is forimeallaí, agus ó dháileoirí sa Phortaingéil. D'ainneoin iarrachtaí speisialta a rinne an conraitheoir seachtrach, ní bhfuarthas aon fhreagra ó tháirgeoirí ar an mórthír ná ón tsochaí shibhialta.

Measúnú tionchair

Is mar bheart 'droim le droim' a ullmhaítear an tionscnamh seo: meastóireacht *ex post* ar an gcóras atá i bhfeidhm faoi láthair mar aon le measúnú réamhbhreathnaitheach díreach dá éis sin. Tá an measúnú sin, ar na tionchair fhéideartha a bhainfeadh le leanúint den chóras atá i bhfeidhm cheana féin agus b'fhéidir é a athrú, leagtha síos i ndoiciméad anailíseach, lena n- áirítear iarscríbhinn mheastóireachta. Tá an doiciméad seo bunaithe ar staidéar seachtrach agus ar an bhfaisnéis atá curtha ar fáil ag an mBallstát.

4. IMPLEACHTAÍ BUISÉIDEACHA

Níl aon tionchar ag an togra ar bhuiséad an Aontais Eorpaigh, mar téann iomlán an ioncaim ó dhleachta máil chuig na Ballstáit.

5. EILIMINTÍ EILE

Pleananna cur chun feidhme, agus socruithe faireacháin, meastóireachta agus tuairiscithe

Is ag údaráis na Portaingéile agus ag an gCoimisiún a bheidh an ról maidir le faireachán a dhéanamh ar chur chun feidhme agus ar fheidhmiú an mhaolaithe, mar a bhí go dtí seo.

Iarrfar ar an bPortaingéil tuarascáil faireacháin a chur isteach faoin 30 Meán Fómhair 2025 maidir leis an tréimhse ó 2019 go 2024. Cumhdófar na nithe seo a leanas sa tuarascáil faireacháin sin:

- faisnéis faoi chostais bhreise a bhaineann leis an táirgeadh
- saobhadh eacnamaíoch agus tionchair ar an margadh
- faisnéis chun meastóireacht a dhéanamh ar éifeachtacht, éifeachtúlacht, comhleanúnachas le beartais eile an Aontais
- faisnéis faoi ábharthacht leanúnach agus breisluach AE na reachtaíochta nua.

Ba cheart féachaint sa bheart tuairiscithe freisin le hionchur a bhailiú ó gach páirtí leasmhar ábhartha maidir le leibhéal agus éabhlóid a gcostas táirgthe breise, a gcostas comhlíonta, agus aon chásanna de shaobhadh margaidh a tháinig chun cinn.

D’fhonn a áirithiú go gcumhdófar leis an bhfaisnéis arna bailiú ag údaráis na Portaingéile na sonraí a bheidh de dhíth ar an gCoimisiún chun cinneadh feasach a ghlacadh maidir le bailíocht agus inmharthanacht na scéime amach anseo, dréachtóidh an Coimisiún treoirlínte sonracha maidir leis an bhfaisnéis riachtanach. Beidh na treoirlínte sin, a mhéid is féidir, amhail scéimeanna comhchosúla eile do na réigiúin is forimeallaí san Aontas, faoi réir reachtaíocht chomhchosúil.

Ar an gcaoi sin, cuirfear ar chumas an Choimisiúin a mheasúnú an bhfuil do na cúiseanna leis an údar maith leis an maolú ann i gcónaí, an bhfuil an buntáiste cánach arna dheonú ag an bPortaingéil comhréireach i gcónaí, agus an féidir bearta eile seachas córas maoluithe cánach a chur i bhfeidhm, agus a ngné idirnáisiúnta á cur san áireamh.

Tá struchtúr na tuarascála faireacháin agus na sonraí riachtanacha le fáil in Iarscríbhinn 1 i gceangal leis an togra.

Míniúchán mionsonraithe ar fhorálacha sonracha an togra

Ní infheidhme an chuid seo mar tá na hairteagail féinmhínitheach.

2020/0118 (CNS)

Togra le haghaidh

CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE

lena n-údaraítear don Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm maidir le táirgí alcóil áirithe a tháirgtear i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 349 de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

Tar éis dóibh an dréachtghníomh reachtach a chur chuig na parlaimintí náisiúnta,

Ag féachaint don tuairim ó Pharlaimint na hEorpa[5],

Ag gníomhú di i gcomhréir le nós imeachta reachtach speisialta,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Cinneadh Uimh. 376/2014/AE[6] ón gComhairle, údaraíodh don Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara maidir le rum agus licéir a tháirgtear agus a óltar sa réigiún agus i réigiún féinrialaitheach na nAsór maidir le licéir agus *eaux-de-vie* a tháirgtear agus a óltar sa réigiún, ar féidir leis an ráta sin a bheith níos lú ná an ráta íosta dleachta máil a leagtar amach le Treoir 92/84/CEE[7] ón gComhairle, ach nach mó é ná 75 % níos lú ná an dleacht mháil chaighdeánach náisiúnta ar alcól.

(2) Mí Feabhra 2019, d'iarr údaráis na Portaingéile ar an gCoimisiún togra le haghaidh Cinneadh ón gComhairle a chur isteach lena leathnófaí teorainn ama an údaraithe a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 376/2014/AE, faoi na coinníollacha céanna mar aon leis an raon feidhme geografach a leathnú chun mórthír na Portaingéile a chumhdach le laghdú níos teoranta, le haghaidh tréimhse seacht mbliana eile, ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

---

5 IO C XXX, XXX, lch. XXX.

6 Cinneadh Uimh. 376/2014/AE ón gComhairle an 12 Meitheamh 2014 lena n-údaraítear don Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara maidir le rum agus licéir a tháirgtear agus a óltar sa réigiún agus i réigiún féinrialaitheach na nAsór maidir le licéir agus *eaux-de-vie* a tháirgtear agus a óltar sa réigiún (IO L 182, 21.6.2014, lch. 1.).

7 Treoir 92/84/CEE ón gComhairle an 19 Deireadh Fómhair 1992 maidir leis na rátaí dleachta máil ar alcól agus deochanna alcólacha a neasú (IO L 316, 31.10.1992, lch. 29).

(3) Bíonn deacrachtaí ag na táirgeoirí i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór maidir le margaí lasmuigh de na réigiúin sin a rochtain, agus is iad na margaí réigiúnacha agus áitiúla amháin atá ina n-ionaid díolacháin ag táirgí alcóil áirithe. Bíonn costais bhreise ar na táirgeoirí sin mar is costasaí na hamhábhair de bhunús talmhaíochta ná mar a bhíonn faoi ghnáthdhálaí táirgthe, i ngeall ar bheagmhéid na ngabháltas talmhaíochta, ar a ilroinnte atá siad, agus ar an leibhéal íseal meicniúcháin atá iontu. Ina theannta sin, is ísle an t-aschur ó phróiseáil cána siúcra ná sna réigiúin is forimeallaí eile i ngeall ar an topagrafaíocht, ar an aeráid, ar an ithir, agus ar an táirgeadh mionscála. Thairis sin, bíonn costas breise i gceist ós gá amhábhair agus ábhair phacáistithe áirithe, nach dtáirgtear go háitiúil, a iompar chuig na hoileáin.

(4) I gcás na nAsór, tá dhá ghné leis an oileánachas mar is grúpa oileán an-scaipthe amach ó chéile iad. Cuirtear leis na costais bhreise arís de thoradh an iompair sna réigiúin iargúlta oileánacha sin. Is amhlaidh freisin i leith aistir agus seoltaí earraí riachtanacha eile chuig an mórthír. Bíonn costais bhreise i gceist freisin le táirgí críochnaithe a stóráil mar ní óltar an t-aschur go léir go háitiúil, go háirithe an táirgeadh rum. Méadaítear na costais in aghaidh an aonaid de thoradh bheagmhéid an mhargaidh réigiúnaigh, go háirithe mar gheall ar an gcaidreamh neamhfhabhrach idir costais sheasta agus aschur. Ar deireadh, bíonn costais bhreise ar na táirgeoirí lena mbaineann ar costais iad a bhíonn á n-iompar ag na geilleagair áitiúla go ginearálta, go háirithe costais mhéadaithe saothair agus fuinnimh.

(5) Tá méadú tagtha ar an táirgeadh rum de thoradh táirgeadh níos mó cána siúcra. Cé go ndéantar cuid den rum a thabhairt chun cineáil nó a úsáid mar bhonn ag licéir, stóráiltear an rum nach ndíoltar ar chostas a chuireann arís leis na costais bhreise ar tháirgeoirí. De thoradh na gcostas breise, ní féidir le táirgeoirí i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór dul in iomaíocht le táirgeoirí lasmuigh de na réigiúin sin i ngeall ar phraghas níos airde ar an táirge deiridh agus dá bhrí sin ní féidir leo margaí eile a rochtain. Is féidir dul i ngleic leis an bhfadhb sin trí na rátaí dleachta máil atá le rochtain ar mhargadh mhórthír na Portaingéile a laghdú.

(6) Ionas nach ndéanfar mórdhochar d’fhorbairt réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór agus chun tionscal an alcóil agus na poist a sholáthraítear leis an tionscal sna réigiúin sin a choinneáil, is gá raon feidhme an údaraithe a leagtar amach i gCinneadh Uimh. 376/2014/AE a athnuachan agus a leathnú.

(7) Beidh feidhm ag Cinneadh Uimh. 376/2014/AE go dtí an 31 Nollaig 2020. Ar mhaithe leis an tsoiléireacht, is gá Cinneadh nua a ghlacadh lena n-údarófar an Phortaingéil ráta dleachta máil laghdaithe a chur i bhfeidhm i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór.

(8) Ó tharla nach dtéann an buntáiste cánach níos faide ná mar is gá chun costais bhreise a fhritháireamh, agus ó tharla go bhfuil na méideanna i gceist beag agus go bhfuil an buntáiste cánach teoranta don tomhaltas i réigiúin fhéinrialaitheacha Mhaidéara agus na nAsór agus ar mhórthír na Portaingéile, ní bhaintear de shláine ná de chomhsheasmhacht dhlíchóras an Aontais leis an mbeart.

(9) Chun go bhféadfaidh an Coimisiún measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na coinníollacha lena dtugtar údar maith leis an údarú á gcomhlíonadh i gcónaí, ba cheart don Phortaingéil tuarascáil faireacháin a chur faoi bhráid an Choimisiúin faoin 30 Meán Fómhair 2025.

(10) Tá an Cinneadh seo gan dochar do chur i bhfeidhm féideartha Airteagal 107 agus Airteagal 108 CFAE,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

De mhaolú ar Airteagal 110 CFAE, údaraítear leis seo don Phortaingéil ráta dleachta máil a chur i bhfeidhm arb ísle é ná an ráta iomlán ar alcól a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 92/84/CEE i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara maidir le rum agus licéir a tháirgtear agus a óltar sa réigiún agus i réigiún féinrialaitheach na nAsór maidir le rum, licéir agus *eaux-de-vie* a tháirgtear agus a óltar sa réigiún.

Airteagal 2

De mhaolú ar Airteagal 110 CFAE, údaraítear leis seo don Phortaingéil ráta dleachta máil a chur i bhfeidhm arb ísle é ná an ráta iomlán ar alcól a leagtar síos in Airteagal 3 de Threoir 92/84/CEE maidir le rum agus licéir a tháirgtear i réigiún féinrialaitheach Mhaidéara i gcás ina n-ólfar iad ar mhórthír na Portaingéile agus maidir le rum, licéir agus *eaux-de-vie* a tháirgtear i réigiún féinrialaitheach na nAsór i gcás ina n-ólfar iad ar mhórthír na Portaingéile.

Airteagal 3

I Maidéara, beidh an t- údarú a leagtar amach in Airteagal 1 agus Airteagal 2 teoranta do na táirgí seo a leanas:

(a) go dtí an 24 Bealtaine 2021, rum mar a shainmhínítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[8], lena mbaineann an tásc geografach 'Rum da Madeira' dá dtagraítear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn III leis an Rialachán sin, agus ón 25 Bealtaine 2021, do rum mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle[9], lena mbaineann an tásc geografach 'Rum da Madeira';

(b) go dtí an 24 Bealtaine 2021, licéir agus 'crème de' mar a shainmhínítear i bpointí 32 agus 33 faoi seach d'Iarscríbhinn II le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, a tháirgtear ar bhonn torthaí nó plandaí ón réigiún, agus ón 25 Bealtaine 2021 ar aghaidh, do licéir agus do 'crème de' mar a shainmhínítear i bpointí 33 agus 34 faoi seach d'Iarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2019/787, a tháirgtear ar bhonn torthaí nó plandaí ón réigiún;

[8] Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 15 Eanáir 2008 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair, lipéadú agus cosaint tásc geografach deochanna biotáilleacha agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 1576/89 ón gComhairle (IO L 39, 13.2.2008, lch. 16).

[9] Rialachán (AE) 2019/787 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Aibreán 2019 maidir le sainmhíniú, tuairisc, cur i láthair agus lipéadú deochanna biotáilleacha, úsáid ainmneacha deochanna biotáilleacha i gcur i láthair agus lipéadú earraí bia eile, agus cosaint tásc geografach le haghaidh deochanna biotáilleacha, úsáid alcól eitile agus driogáití de thionscnamh talmhaíochta i ndeochanna alcólacha, agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 110/2008 (IO L 130, 17.5.2019, lch. 1).

Sna hAsóir, beidh an t- údarú a leagtar amach in Airteagal 1 agus Airteagal 2 teoranta do na táirgí seo a leanas:

(a) go dtí an 24 Bealtaine 2021, rum mar atá sainmhínithe i bpointe 1 d'Iarscríbhinn II le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, a tháirgtear ar bhonn cána siúcra ón réigiún, agus ón 25 Bealtaine 2021 ar aghaidh, rum mar a sainmhínitear i bpointe 1 d'Iarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2019/787, a tháirgtear ar bhonn cána siúcra ón réigiún;

(b) go dtí an 24 Bealtaine 2021, licéir agus 'crème de' mar a shainmhínítear i bpointí 32 agus 33 faoi seach d'Iarscríbhinn II le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, a tháirgtear ar bhonn torthaí nó amhábhar ón réigiún, agus ón 25 Bealtaine 2021 ar aghaidh, licéir agus 'crème de' mar a shainmhínítear i bpointí 33 agus 34 faoi seach d'Iarscríbhinn I le Rialachán (AE) 2019/787, a tháirgtear ar bhonn torthaí nó amhábhar ón réigiún;

(c) go dtí an 24 Bealtaine 2021, do *eaux-de-vie* a tháirgtear ar bhonn fíona nó mairc fíonchaor lena mbaineann na saintréithe agus na buntréithe atá sainmhínithe i bpointe 4 agus i bpointe 6 d'Iarscríbhinn II le Rialachán (CE) Uimh. 110/2008, agus amhail ón 25 Bealtaine 2021, do *eaux-de-vie* a tháirgtear ar bhonn fíona nó mairc fíonchaor lena mbaineann na saintréithe agus na buntréithe mar atá sainmhínithe i bpointe 4 agus i bpointe 6 d'Iarscríbhinn I le Rialachán (AE) Uimh. 2019/787.

Airteagal 4

Féadfaidh an ráta dleachta máil laghdaithe is infheidhme maidir leis na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 1 den Chinneadh seo a bheith níos lú ná an ráta íosta dleachta máil a leagtar amach le Treoir 92/84/CEE, ach ní fhéadfaidh sé a bheith níos mó ná 75 % níos lú ná an dleacht mháil chaighdeánach náisiúnta ar alcól.

Airteagal 5

Féadfaidh an ráta dleachta máil laghdaithe is infheidhme maidir leis na táirgí dá dtagraítear in Airteagal 2 den Chinneadh seo a bheith níos lú ná an ráta íosta dleachta máil a leagtar amach le Treoir 92/84/CEE, ach ní fhéadfaidh sé a bheith níos mó ná 50 % níos lú ná an dleacht mháil chaighdeánach náisiúnta ar alcól.

Airteagal 6

Faoin 30 Meán Fómhair 2025 ar a dhéanaí, cuirfidh an Phortaingéil tuarascáil faireacháin faoi bhráid an Choimisiúin le cur ar a chumas measúnú a dhéanamh i dtaobh an bhfuil na coinníollacha lena dtugtar údar maith leis an údarú a leagtar amach in Airteagal 1 agus in Airteagal 2 á gcomhlíonadh i gcónaí. Beidh sa tuarascáil faireacháin an fhaisnéis riachtanach atá san Iarscríbhinn.

Airteagal 7

Beidh feidhm ag an gCinneadh seo ón 1 Eanáir 2021 go dtí an 31 Nollaig 2027.

Airteagal 8

Is chuig Poblacht na Portaingéile a dhírítear an Cinneadh seo.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil,

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán